



2021/0373(CNS)

27.10.2022

TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú) (COM(2021)0733 – C9-0022/2022 – 2021/0373(CNS))

Rapóirtéir don tuairim: Alin Mituța

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Tá thart ar 13.3 milliún saoránach den Aontas Eorpach ina gcónaí i mBallstát AE nach í a dtír thionscnaimh í. As measc na saoránach ‘soghluaiste’ seo, mar a thugtar orthu, tá an aois dhlíthiúil chun vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bainte amach ag os cionn 11 milliún díobh. Faoi Threoir 94/80/CE ón gComhairle maidir leis an gceart atá ag saoránaigh shoghluaiste AE vótáil agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha, is féidir le saoránaigh shoghluaiste páirt a ghlacadh i dtoghcháin bhardasacha ina dtír chónaithe, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an stáit sin.

26 bliana tar éis do spriocdháta trasúí na treorach thuasluaite dul in éag, tá an ráta vótála i measc saoránach soghluaiste fós íseal i gcomparáid le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh. Cé go bhfuil deireadh curtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit leis na bacainní dlíthiúla a bhí ag cur bac ar shaoránaigh shoghluaiste a gcearta toghcháin a fheidhmiú ina dtír chónaithe, tá roinnt mhaith bacainní *de facto* agus *de jure* fós ann.

Is cosúil gur bacainní móra iad clárú vótálaithe, rochtain ar fhaisnéis agus bacainní riaracháin. Déanann tuairim is leath na mBallstát saoránaigh shoghluaiste AE a áireamh go huathoibríoch ar a rolla toghthóirí nuair a chláraíonn siad chun cónaí, agus cuireann an chuid eile níos imeachta ar leith um chlárú vótálaithe i bhfeidhm. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach go sroichfeadh faisnéis na saoránaigh nuair a chónaíonn siad go foirmiúil i mBallstát agus go gcuirfí an fhaisnéis sin i gcuimhne dóibh go rialta, is minic nach bhfuil cumarsáid shoiléir ann maidir leis na toghcháin atá ar na bacáin.

Ina theannta sin, tá fioreaspa sonraí poiblí agus inchomparáide ann. I roinnt mhaith tíortha, ní fhoilsítear rátaí clárúcháin maidir le vótálaithe soghluaiste AE. Ní choinníonn roinnt Ballstát taifead ar an méid saoránach soghluaiste de chuid an Aontais atá ag seasamh mar iarrthóir ina dtoghcháin bhardasacha. I gcás ina gcoimeádtar agus ina malartaítear sonraí, tá raon feidhme agus formáid an tuairiscithe neamhréireach agus éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, rud a fhágann go bhfuil torthaí neamh-inchomparáide ann.

Molann an Coimisiún leasuithe sonracha ar an Treoir thuasluaite ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh áirithe. Tá sé i gceist leis an togra nua simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun saoránaigh shoghluaiste an Aontais a chlárú le vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin áitiúla agus chun na bacainní riaracháin a bhíonn roimh shaoránaigh shoghluaiste an Aontais a laghdú trí theimpléid chaighdeánaithe a fhorchur le haghaidh dearbhuithe oifigiúla. Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit údarais a ainmniú chun saoránaigh shoghluaiste an Aontais a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe maidir le clárú mar vótálaí nó mar iarrthóir i dtoghcháin áitiúla.

Tacaíonn an Rapóirtéir le rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach na saoránach go léir sa phróiseas toghcháin, lena n-áirítear saoránaigh shoghluaiste, agus creideann sí go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na constaicí a shaináithnítear thuas chun freagairt ar an misean sin ar an mbealach is éifeachtúla.

Chun é sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach roinnt colún a neartú.

Colún amháin is ea an **fhaisnéis**. D’fhéadfadh teanga a bheith ina bac mura gcuirtear an

fhaisnéis ar fáil ach amháin sa teanga áitiúil agus i bhformáid nach bhfuil rochtain leordhóthanach uirthi. Ina theannta sin, is toisc ríthábhachtach í an chaoi a sroicheann an fhaisnéis na saoránaigh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh tuiscint leordhóthanach ag saoránaigh shoghluaiste ar an gcóras polaitiúil intíre agus nach mbeadh cur amach acu ar pháirtithe polaitiúla ina dtír chónaithe. D'fhéadfadh 'bearna ionadaíochta' leanúint as sin, staid ina ndéantar ionadaíocht díréireach íseal ar thuairimí na saoránach soghluaiste, mar gheall ar líon íseal daoine a bheith ag vótáil. Ar an gcúis sin, ba cheart faisnéis a chur ar fáil, go hidéalach, i dteanga dhúchais na saoránach soghluaiste, agus i dteanga oifigiúil an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch uirthi.

I bhfianaise na ndifríoctaí idir struchtúir rialtais áitiúil agus ós rud é go bhféadfaí toghcháin bhargasacha a réachtáil i dtimthriallta éagsúla, i gcodanna éagsúla den Bhallstát céanna, ba cheart faisnéis iomchuí maidir leis an gceart chun vótáil, na céimeanna riaracháin chun an ceart sin a fheidhmiú, chomh maith le cineál an chórais pholaitiúil agus custaim, a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais nuair a bhunaíonn siad a n-áit chónaithe agus ba cheart iad a chur i gcuimhne go tréimhsiúil.

Colún eile is ea **clárú**. Chun feasacht na saoránach soghluaiste a mhéadú maidir lena gcearta vótála sa Bhallstát cónaithe, ba cheart a cheangal ar údarais náisiúnta nach ndéanann foráil maidir le clárú uathoibríoch ar an liosta toghthóirí na saoránaigh a chur ar an eolas go cuí faoin bhféidearthacht clárú ar liosta na dtoghthóirí a roghnú nuair a chláraíonn siad chun cónaí. Ba cheart an clárú uathoibríoch a dhreasú chun glacadh saoránach soghluaiste i saol daonlathach an Bhallstáit chónaithe a mhéadú.

Ina theannta sin, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir rollaí na dtoghthóirí. Ba cheart do na Ballstáit dhá thairfead ar leith a choimeád le haghaidh toghcháin áitiúla agus toghcháin Eorpacha agus ba cheart go gcuirfí saoránaigh shoghluaiste ar an eolas go cuí maidir lena gcearta faoi na córais toghcháin faoi seach, lena n-áirítear an rogha a gcearta vótála a choimeád ina dtír dhúchais. Chabhródh dhá rolla toghcháin éagsúla le saoránaigh shoghluaiste rogha eolasach a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, aon mhearbhall a sheachaint.

Ar deireadh, is ann do **cholún na rochtana** chun vóta a chaitheamh. Ba cheart go mbeadh an rochtain chéanna ag saoránaigh shoghluaiste ar vótáil leictreonach agus ar chianvótáil is atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit. Ba cheart na coinníollacha lena rialaítear an ceart chun vótála agus an ceart chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin áitiúla a bheith soiléir agus níor cheart aon fhadhbanna maorlathacha a bheith ag baint leo. Thairis sin, ba cheart rochtain a bheith ag saoránaigh shoghluaiste ar chaingean dlí éifeachtach i gcás ina ndealraíonn sé nach bhfuil a gcearta a leagtar amach sa Treoir seo á n-urramú.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) An nós imeachta a bhaineann le toghcháin bhardasacha, tagann sé faoi réimse inniúlachtaí na mBallstát a eagraíonn iad de réir a dtraidisiúin shonracha agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. I gcomhréir leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla chomh maith le dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain *éasca* ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin tríd *an oiread* constaicí ar thoghcháin a bhaint *agus is féidir*.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6a) *Ba cheart do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad faisnéis a fháil maidir leis an bhféidearthacht vótáil agus seasamh mar iarrthóir nuair a chláraíonn siad mar chónaitheoirí de chuid Ballstáit nach bhfuil siad ina náisiúnaigh ann. Ina theannta sin, ba cheart go soláthrófaí faisnéis a bhaineann*

Leasú

(5) An nós imeachta a bhaineann le toghcháin bhardasacha, tagann sé faoi réimse inniúlachtaí na mBallstát a eagraíonn iad de réir a dtraidisiúin *bhunreachtúla agus* shonracha agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. I gcomhréir leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla chomh maith le dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain *iomlán agus éifeachtach ar fhaisnéis agus* ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin tríd na constaicí *go léir* ar a rannpháirtíocht i dtoghcháin a bhaint.

Leasú

le clárú mar vótálaí nó mar iarrthóir go tréimhsiúil, roimh thoghcháin bhardasacha, ar bhealach tráthúil, do gach vótálaí agus gach duine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3. Ba cheart saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a chur ar an eolas go cuí freisin faoina gcearta ar leith faoi na córais toghcháin bhardasacha agus faoi na córais toghcháin Eorpacha.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh sé mar cheangal ar shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad coinníollacha speisialta a chomhlíonadh chun an ceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha a fheidhmiú, mura rud é, ar bhonn eisceachtúil, go bhfuil bonn cirt le cóir dhifriúil idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in imthosca a bhaineann go sonrath leis na neamhnáisiúnaigh a idirdhealú ó na náisiúnaigh.

Leasú

scriosta

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

*(8) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát **cónaithe** a éascú, ba cheart saoránaigh den sórt sin a chur leis an rolla toghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. Ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí agus is*

Leasú

*(8) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina **mBallstát cónaithe** a éascú, ba cheart saoránaigh den sórt sin a chur leis an rolla toghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. **Na saoránaigh sin den Aontas a chuir a dtoil in iúl vóta a chaitheamh i dtoghcháin bhardasacha a***

féidir. Ba cheart gur leor do na saoránaigh den Aontas lena mbaineann cárta aitheantais bailí agus dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe a thugann fianaise go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar an rolla toghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart do shaoránaigh den Aontas sonraí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta.

mBallstáit chónaithe, déantar iad a chur isteach láithreach ar rolla na dtoghthóirí láithreach tar éis dóibh clárú chun cónaithe, de réir a dtoilithe. Ba cheart don Bhallstát cónaithe cead a thabhairt do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cinneadh a dhéanamh agus na húdaráis a chur ar an eolas tráth ar bith. Ba cheart, i gcás ar bith, go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí agus is féidir. Ba cheart gur leor go ndéanadh saoránaigh an Aontais lena mbaineann cárta aitheantais bailí agus, ***i gcásanna a bhfuil údar cuí leo,*** dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe a thugann fianaise go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar an rolla toghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart do shaoránaigh den Aontas sonraí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta. ***Ba cheart saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ina mBallstát cónaithe a bheith faoi réir na gceanglas riaracháin céanna agus atá náisiúnaigh an Bhallstáit sin, nuair is gá íostréimhse chónaithe a léiriú mar chónaitheoir i mbunaonad rialtais áitiúil.***

Leasú 5

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 8 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8a) Chun saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach

náisiúnaigh de iad a chumasú le bheith incháilithe go hiarbhír chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhardasacha, níor cheart do pháirtithe polaitiúla náisiúnta ballraíocht a dhéanamh coinníollach ar náisiúntacht Bhallstát an toghcháin a bheith acu.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(11) Ós rud é gur féidir dualgais cheannaireacht na mbunaonad rialtais áitiúil a bheith bainteach le húdarás oifigiúil a fheidmiú agus an leas ginearálta a choimirciú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na hoifigí sin a fhorchoimeád dá náisiúnaigh agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na comhréireachta .

scriosta

Réasúnú

Riachtanach don chomhleanúnachas inmheánach agus i gcomhréir le prionsabal an neamhidirdhealaithe.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12) Ar an gcaoi chéanna, ba cheart gurbh fhéidir le hoifigeach bardasach tofa a bheith rannpháirteach i dtoghchán do chomhthionól parlaiminteach a fhorchoimeádfar do náisiúnaigh an Bhallstáit féin.

scriosta

Réasúnú

Riachtanach don chomhleanúnachas inmheánach agus i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) **Príomhghné** chun feidhmiú éifeachtach an chirt a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (b) agus in Airteagal 22(1) CFAE a áirithiú is ea inrochtaineacht ar fhaisnéis maidir le cearta agus nósanna imeachta toghchánacha.

Leasú

(15) **Príomhghnéithe** chun feidhmiú éifeachtach an chirt a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (b) agus in Airteagal 22(1) CFAE a áirithiú is **iad inrochtaineacht, soiléireacht agus intuigtheacht na faisnéise** maidir le cearta agus nósanna imeachta toghchánacha.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a mbeadh freagrachtaí speisialta acu chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), pointe (b), agus faoi Airteagal 22(1) CFAE agus faoi na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin bhargasacha agus lena n-eagrú. Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil i

Leasú

(16) **I roinnt mhaith Ballstát, tá difríochtaí i struchtúir rialtais áitiúil, agus uaireanta reáchtáiltear toghcháin bhargasacha ag tréimhsí éagsúla i gcodanna éagsúla den Bhallstát céanna.** Sa chomhthéacs sin, déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a mbeadh freagrachtaí speisialta acu chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), pointe (b), agus faoi Airteagal 22(1) CFAE agus faoi

dtéarmaí soiléire agus sothuigthe.

na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin bhargasacha agus lena n-eagrú.

Ba cheart an comhar agus an comhordú a neartú agus a fheabhsú idir údarais náisiúnta agus áitiúla sa Bhallstát maidir le clárú saoránach den Aontas nach náisiúnach iad agus maidir le faisnéis a sholáthar dóibh faoina gcearta agus faoina nósanna imeachta toghcháin.

Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart faisnéis a sholáthar i dtéarmaí soiléire agus sothuigthe, ***agus ar a laghad nuair a chláraítear an duine chun cónaí agus luath go leor roimh na chéad toghcháin eile.***

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16a) Chun cás a sheachaint ina ndéantar ionadaíocht níos lú, go díréireach, ar thuairimí saoránach de chuid an Aontais nach náisiúnaigh iad i gcomparáid leis na saoránaigh ar náisiúnaigh iad den Bhallstát lena mbaineann, ba cheart do na Ballstáit faisnéis iomchuí a sholáthar do shaoránaigh an Aontais maidir leis an gceart chun vótáil, lena n-áirítear na socruithe teicniúla atá i bheidhm do shaoránaigh faoi mhíchumas, maidir leis na céimeanna riaracháin chun an ceart sin a fheidhmiú, chomh maith le cineál an chórais pholaitiúil agus na dtraidisiún polaitiúil.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach Aithris 17

(17) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghchánaí, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, ar teanga í a mbeadh tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch. Féadfaidh na Ballstáit teangacha oifigiúla difriúla de chuid an Aontais a úsáid i gcodanna sonracha dá gcríoch nó dá gcuid réigiún ag brath ar an teanga a mbeadh tuiscint ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ann.

(17) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghchánaí, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch uirthi. ***Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar, nuair is féidir, i dteanga dhúchais an tsaoránaigh den Aontas nach náisiúnach é freisin, mar a léirítear tráth a gcláraithe.*** Féadfaidh na ***Ballstáit*** teangacha oifigiúla difriúla de chuid an Aontais a úsáid i gcodanna sonracha dá gcríoch nó dá gcuid réigiún ag brath ar an teanga a mbeadh tuiscint ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ann. ***Nuair is gá, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun nósanna imeachta clárúcháin agus toghcháin a aistriú go teangacha oifigiúla agus neamhoifigiúla an Aontais Eorpaigh.***

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

(23) D'fhéadfadh sonraí maidir le feidhmiú ceart agus cur chun feidhme na Treorach seo a bheith úsáideach chun na bearta is gá a shainathint chun feidhmiú éifeachtach chearta toghchánacha na saoránach den Aontas a áirithiú. Chun feabhas a chur ar bhailiú na sonraí maidir le toghcháin bhargasacha, is gá faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme sna Ballstáit a thabhairt isteach, ar cheart go n-áireofaí leis, i dteannta le sonraí staidrimh, faisnéis maidir leis na bearta a ghlactar chun tacú le rannpháirtíocht

(23) Tá sonraí maidir le feidhmiú ceart agus cur chun feidhme na Treorach seo ***rithábhachtach chun meastóireacht a dhéanamh ar bheartas an Aontais maidir le cearta na saoránach*** agus chun na bearta is gá a shainathint chun feidhmiú éifeachtach chearta toghchánacha na saoránach den Aontas a áirithiú. Chun feabhas a chur ar bhailiú ***agus tuairisciú*** na sonraí maidir le toghcháin bhargasacha ***ag na Ballstáit*** agus ***chun cur leo***, is gá faireachán rialta ar chur chun feidhme sna Ballstáit a thabhairt isteach agus tuairisciú

shaoránaigh den Aontas nach náisiúnach iad i dtoghcháin. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach, lena n-áirítear athruithe ar bith ar na toghthóirí a tharla tar éis a teacht i bhfeidhm agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

ar chur chun feidhme sna Ballstáit **a chomhchuibhiú**, ar cheart go n-áireofaí leis, i dteannta le sonraí staidrimh **aonfhoirmeacha**, faisnéis maidir leis na bearta a ghlactar chun tacú le rannpháirtíocht shaoránaigh den Aontas nach náisiúnach iad i dtoghcháin **chomh maith leis na socrúithe teicniúla atá i bhfeidhm do shaoránaigh faoi mhíchumas agus maidir leis na modhanna vótála ar fad, lena n-áirítear féidearthachtaí vótála trí mheán vótála poist, réamhvótála fisiciúla, seachvótála nó vótála leictreonaí**. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach, lena n-áirítear athruithe ar bith ar na toghthóirí a tharla tar éis a teacht i bhfeidhm agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) Tá gealltanais tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích²⁵, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin lena n-áirítear Airteagal 29 maidir le Rannpháirtíocht sa saol polaitiúil agus poiblí. Chun **tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach** agus chomhionann daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin, ba cheart aird chuí a bheith ag na socrúithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin bhardasacha ar riachtanais na **saoránach faoi mhíchumas agus na saoránach níos sine**.

Leasú

(26) Tá gealltanais tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích²⁵, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin lena n-áirítear Airteagal 29 maidir le Rannpháirtíocht sa saol polaitiúil agus poiblí. Chun **cuimsitheacht a mhéadú** agus rannpháirtíocht chomhionann **daoine leochaileacha agus imeallaithe, go háirithe daoine** faoi mhíchumas i dtoghcháin, ba cheart aird chuí a bheith ag na socrúithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin bhardasacha ar riachtanais na saoránach **sin. Ina theannta sin, ba cheart**

do na Ballstáit a úirithiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas, arna iarraidh sin dóibh, cúnamh chun vótáil ó dhuine dá rogha féin.

²⁵ Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

²⁵ Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

Leasú 14

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach bhféadfaidh ach a náisiúnaigh féin oifig an chinn, an ionadaí nó an bhaill thofa ar choláiste rialaithe fheidhmeannas an bhunaoid rialtais áitiúil a shealbhú má thoghtar an duine chun oifige ar feadh thréimhse a sainordaithe .

scriosta

Féadfaidh na Ballstáit a leagan síos freisin nach bhféadfaidh ach a náisiúnaigh féin feidhmeanna an chinn, an ionadaí nó an bhaill ar choláiste rialaithe fheidhmeannas an bhunaoid rialtais áitiúil a chur i gcrích.

Ag féachaint don Chonradh agus do phrionsabail dhlíthiúla ghinearálta, féadfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun a úirithiú nach féidir ach lena náisiúnaigh féin na hoifigí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shealbhú agus na feidhmeanna eatramhacha dá dtagraítear sa dara fhomhír a chur i gcrích.

Réasúnú

Tá an scriosadh seo ceangailte le haidhm na Treorach, is é sin deireadh a chur leis an idirdhealú a dhéantar ar shaoránaigh shoghluaiste maidir le feidhmiú a gceart toghchánach.

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil an vótáil éigeantach iontu foráil a dhéanamh maidir le clárú **uathoibríoch** vótálaithe de bhun Airteagal 3 ar rolla na dtoghthóirí.

Leasú

3. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil an vótáil éigeantach iontu **agus na Ballstáit ina bhfuil vótáil éigeantach iontu** foráil a dhéanamh maidir le clárú **láithreach** vótálaithe de bhun Airteagal 3 ar rolla na dtoghthóirí. **Is gá toiliú roimh ré ón vótálaí lena mbaineann chun clárú den sórt sin a dhéanamh.**

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir vótálaí de bhun Airteagal 3 a chur ar rolla na dtoghthóirí in am agus i dtráth roimh lá na vótála.

Leasú

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir vótálaí de bhun Airteagal 3 a chur ar rolla na dtoghthóirí in am agus i dtráth roimh lá na vótála. **Tar éis thoiliú an tsaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh é lena mbaineann, cumasóidh na Ballstáit clárú láithreach ar an rolla toghthóirí nuair a chláróidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad chun cónaí.**

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Fanfaidh vótálaithe de bhun Airteagal 3 a cuireadh ar rolla na dtoghthóirí sa Bhallstát cónaithe ar an rolla sin, faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí cibé tráth a bhainfear iad de mar ní chomhlíonann siad na ceanglais maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil. I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad de rolla na dtoghthóirí, beidh an fheidhm chéanna ag na forálacha sin maidir le vótálaithe de bhun Airteagal 3.

Fanfaidh vótálaithe de bhun Airteagal 3 a cuireadh ar rolla na dtoghthóirí sa Bhallstát cónaithe ar an rolla sin, faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí cibé tráth a bhainfear iad de mar ní chomhlíonann siad na ceanglais maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil. I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad de rolla na dtoghthóirí, beidh an fheidhm chéanna ag na forálacha sin maidir le vótálaithe de bhun Airteagal 3. ***Tabharfar an fógra seo, i gcás inar féidir, i dteanga dhúchais an tsaoaránaigh neamhnáisiúnaigh, nó ar a laghad i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch uirthi.***

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5a. Bunóidh an Ballstát cónaithe rolla toghthóirí ar leith do thoghcháin bhardasacha. Maidir leis an rolla toghthóirí do thoghcháin bhardasacha an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ag na vótálaithe de bhun Airteagal 3, ní dhéanfar é a nascadh go huathoibríoch le rolla na dtoghthóirí do thoghcháin Eorpacha an Bhallstáit faoi seach.

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) i gcás ina mbeidh amhras maidir le

(b) i gcás ina mbeidh amhras

hinneachar an dearbhaithe de bhun phointe **(a)**, fianú a sholáthar ó na húdaráis riaracháin inniúla ina mBallstát baile roimh an toghchán **nó ina dhiaidh** lena ndeimhnítear nár baineadh an ceart chun seasamh mar iarrthóir sa Stát sin díobh nó nach bhfuil aon dícháiliú den sórt sin ar eolas ag na húdaráis sin;

dlisteanach maidir le hinneachar an dearbhaithe de bhun phointe **(a)**, fianú a sholáthar ó na húdaráis riaracháin inniúla ina mBallstát baile roimh an toghchán lena ndeimhnítear nár baineadh an ceart chun seasamh mar iarrthóir sa Stát sin díobh nó nach bhfuil aon dícháiliú den sórt sin ar eolas ag na húdaráis sin;

Réasúnú

Tugann caighdeán an amhrais ‘dlisteanach’ níos mó deimhneachta dlíthiúla, agus déanann fíorú na ndearbhuithe roimh an toghchán é sin freisin.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ballstáit a dhéanann foráil maidir le féidearthachtaí na réamhvótála, na vótála poist agus na vótála leictreonaí agus idirlín, i dtoghcháin bhardasacha, áireoidh na Ballstáit sin go mbeidh na modhanna vótála sin ar fáil faoi na coinníollacha céanna do vótálaithe de bhun Airteagal 3.

Leasú

Ballstáit a dhéanann foráil maidir le féidearthachtaí na réamhvótála, na vótála poist, **na seachvótála** agus na vótála leictreonaí agus idirlín, i dtoghcháin bhardasacha, áireoidh na Ballstáit sin go mbeidh na modhanna vótála sin ar fáil faoi na coinníollacha céanna do vótálaithe de bhun Airteagal 3. **Beidh an deis ag na vótálaithe sin freisin na modhanna vótála inmhianaithe a roghnú nó a athrú faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe.**

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Cuirfidh an Ballstát cónaithe na daoine lena mbaineann ar an eolas in am **trátha** agus i dteanga ghlan shoiléir faoin gcinneadh a glacadh maidir lena n-iarratas go gcuirfí ar rolla na

Leasú

1. Cuirfidh an Ballstát cónaithe na daoine lena mbaineann ar an eolas in am **trátha** agus i dteanga ghlan shoiléir, **ina máthairtheanga nó ina rogha teanga**, faoin gcinneadh a glacadh maidir lena n-

dtoghthóirí iad nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht a n-iarratais maidir le seasamh mar iarrthóir.

iarratas go gcuirfi ar rolla na dtoghthóirí iad nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht a n-iarratais maidir le seasamh mar iarrthóir.

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Mura gcuirtear saoránaigh den Aontas ar rolla na dtoghthóirí nó má dhiúltaítear dá bhfoirm iarratais nó má dhiúltaítear dá n-iarratas chun seasamh mar iarrthóir, beidh an duine lena mbaineann i dteideal leigheasanna dlí a fháil faoi théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear le dlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

Leasú

2. Mura gcuirtear saoránaigh den Aontas ar rolla na dtoghthóirí nó má dhiúltaítear dá bhfoirm iarratais nó má dhiúltaítear dá n-iarratas chun seasamh mar iarrthóir, beidh an duine lena mbaineann i dteideal leigheasanna dlí a fháil faoi théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear le dlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad. ***Cuirfear na daoine lena mbaineann ar an eolas faoi na réitigh dhlíthiúla sin ina máthairtheanga nó ina rogha teanga.***

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás earráidí i rolla na dtoghthóirí nó i liosta na n-iarrthóirí do thoghcháin bhardasacha, beidh an duine lena mbaineann i dteideal cearta in-fhorfheidhmithe ar théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i atá dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

Leasú

3. I gcás earráidí i rolla na dtoghthóirí nó i liosta na n-iarrthóirí do thoghcháin bhardasacha, cuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas faoi sin go tráthúil agus beidh sé i dteideal cearta in-fhorfheidhmithe ar théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i atá dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Déanfaidh údaráis bhardasacha an Bhallstáit chónaithe feachtais ardaithe feasachta agus feachtais faisnéise a fhorbairt agus a mhéadú maidir leis an gceart chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad, i measc nithe eile trí chomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus raon leathan bealaí.

Leasú 25

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1b. Comhoibreoidh an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 le húdaráis inniúla eile chun a áirithiú go gcuirfear saoránaigh ar an eolas faoina gcearta faoin Treoir seo a luaithe a chláraíonn siad chun cónaí sa Bhallstát lena mbaineann. Daoine atá i dteideal vótáil agus seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 a bhunaíonn a n-áit chónaithe i mbunaonad rialtais áitiúil, gheobhaidh sé faisnéis go huathoibríoch faoina chearta faoin Treoir seo. Soláthrófar an fhaisnéis sin go tréimhsiúil freisin, luath go leor roimh thoghcháin bhardasacha, do gach vótálaí agus do gach duine atá i dteideal seasamh mar iarrthóir de bhun Airteagal 3.

Leasú 26

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1c. Déanfar daoine atá i dteideal vótáil agus seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 a chur ar an eolas maidir lena gclárú ar an liosta toghthóirí do thoghcháin bhardasacha agus cuirfear in iúl dóibh go bhfuil liosta toghthóirí éagsúil ag baint leis na toghcháin Eorpacha.

Réasúnú

Is gá cur le feasacht na saoránach soghluaiste maidir lena gcearta faoi na córais toghcháin ar leith. Tá dhá chineál toghcháin ann, a bhfuil cuspóirí éagsúla acu, agus ba cheart, dá bhri sin, é sin a léiriú i rollaí na dtoghthóirí. Tá saoránaigh shoghluaiste ann ar mian leo vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu agus i dtoghcháin Eorpacha sa Bhallstát tionscnaimh. Is é sin an fáth a bhféadfadh drogall a bheith orthu a bheith ar liosta toghthóirí aonair. Chabhródh dhá rolla toghcháin éagsúla leo rogha eolasach a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, aon mhearbhall a sheachaint.

Leasú 27

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit, ach a mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil,

(b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit, ach a mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil, ***chomh maith leis na bearta a glacadh chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa vótáil a éascú;***

Leasú 28

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – fómhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear in iúl í i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, agus chomh maith leis sin beidh aistriúchán ag gabháil leis i

An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear in iúl í i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, agus chomh maith leis sin beidh aistriúchán ag gabháil leis ***i***

gceann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch is féidir uirthi, i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸.

*dteanga dhúchais na vótálaithe agus na ndaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3, nó i dteangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga nó teangacha an Bhallstáit óstaigh, ar teanga í a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch is féidir uirthi, i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸. **Tabharfaidh na Ballstáit agus a n-údaráis ainmnithe rochtain éasca shoiléir do dhaoine atá i dteideal vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhardasacha de bhun Airteagal 3 ar fhaisnéis faoi thoghcháin bhardasacha, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus faoin bhféilire toghcháin, nádúr, gnéithe agus saintréithe, agus stair chóras agus thraidisiúin pholaitiúla agus toghcháin an Bhallstáit, i dteanga dhúchais na ndaoine sin, nó i dteangacha oifigiúla an Aontais seachas an teanga sin nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, a bhfuil tuiscint leathan acu ar an líon is mó is féidir de shaoránaigh an Aontais atá ina gcónaí ar a gcríoch. Cinnfear an teanga sin tráth a chlárófar ar na rollaí toghthóirí.***

²⁸ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 1–38).

²⁸ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 1–38).

Leasú 29

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 4**

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta **trí na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I de Threoir (AE) 2019/882^{1a} a chur i bhfeidhm agus trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid, amhail teanga chomharthaíochta, Braille nó formáid atá éasca le léamh, i dteangacha oifigiúla de chuid an Aontais atá intuigthe dóibh. Féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas, arna iarraidh sin dóibh, cúnamh chun vótáil ó dhuine dá rogha féin.**

^{1a} Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1

1. Más rud é go dtéann an cion de shaoránaigh den Aontas i mBallstát ar leith in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad thar 20 % den líon iomlán de shaoránaigh den Aontas idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann, féadfaidh an Ballstát, de mhaolú ar an Treoir seo:

scriosta

(a) srian a chur ar an gceart chun vótáil do vótálaithe de bhun Airteagal 3 a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh ióstréimhse, tréimhse nach bhféadfaidh bheith níos faide ná an téarma dá bhfuil comhairle ionadaíoch na bardasachta tofa;

(b) srian a chur ar an gceart chun seasamh mar iarrthóir do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh ióstréimhse, tréimhse nach bhféadfaidh bheith níos faide ná dhá uair an téarma dá bhfuil comhairle ionadaíoch na bardasachta tofa; agus

(c) bearta iomchuí a dhéanamh maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí chun lánpháirtíocht saoránaigh den Aontas a spreagadh go háirithe ar náisiúnaigh de Bhallstát eile iad.

Réasúnú

Tá na hathruithe seo riachtanach chun prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chomhlíonadh agus chun cearta daonlathacha saoránach de chuid an Aontais a áirithiú, ar saoránaigh iad a d'fheidhmigh a gceart chun cónaí nó obair nó staidéar a dhéanamh i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad. Ní mór na rialacha díolúine dá bhforáiltear sa Treoir a oiriúnú. Ba cheart go mbeadh an ceart chun vótáil ag saoránaigh uile an Aontais, gan beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu, fiú mura bhfuil mórán saoránaigh de chuid an Aontais nach náisiúnaigh iad ina gcónaí sa Bhallstát sin.

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tuairisciú

Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú

Réasúnú

Tá an leasú seo nasctha le AM 19 agus dá bhrí sin tá gá leis ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs agus toisc go bhfuil dlúthbhaint idir an leasú agus leasuithe inghlactha eile.

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Laistigh de **3** bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ina gcríoch, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Airteagal 5(3) agus (4). Sa tuarascáil sin beidh sonraí staidrimh maidir le rannpháirtíocht vótálaithe agus iarrthóirí de bhun Airteagal 3 i dtoghcháin bhargasacha chomh maith le ***hachóimre*** de na bearta a ghlactar ***ina leith sin***.

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Laistigh de 2 bhliain tar éis toghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an

Leasú

1. Laistigh de **2 bhliain** ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ina gcríoch, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Airteagal 5(3) agus (4). Sa tuarascáil sin beidh sonraí staidrimh ***aonfhoirmeacha*** maidir le rannpháirtíocht vótálaithe agus iarrthóirí de bhun Airteagal 3 i dtoghcháin bhargasacha chomh maith le ***forléargas mionsonraithe*** ar na bearta a ghlactar ***chun an rannpháirtíocht sin a éascú agus a spreagadh***.

Leasú

2a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 a bhaineann le teimpléad agus foirm na sonraí atá le bailiú chun críocha mhír 1 den Airteagal seo.

Leasú

Laistigh de bhliain amháin tar éis toghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa,

Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach.

déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach.

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2, 8 **agus 9** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Leasú

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2, 8, **9 agus 14(2a)** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | | | |
|---|---|--------------|-----------|
| Teideal | Socruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhordasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú) | | |
| Tagairtí | COM(2021)0733 – C9-0022/2022 – 2021/0373(CNS) | | |
| An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE 27.1.2022 | | |
| Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFCO 27.1.2022 | | |
| Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin | Alin Mituța 10.2.2022 | | |
| Pléite sa choiste | 28.3.2022 | 20.6.2022 | 13.7.2022 |
| Dáta an ghlactha | 26.10.2022 | | |
| Toradh na vótála chríochnaithí | +: –: 0: | 19 3 1 | |
| Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Gerolf Annemans, Gabriele Bischoff, Włodzimierz Cimoszewicz, Gwendoline Delbos-Corfield, Salvatore De Meo, Daniel Freund, Charles Goerens, Brice Hortefeux, Laura Huhtasaari, Victor Negrescu, Paulo Rangel, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Jacek Saryusz-Wolski, Pedro Silva Pereira, Sven Simon, Loránt Vincze, Rainer Wieland | | |
| Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | François Alfonsi, Seán Kelly, Alin Mituța, Maite Pagazaurtundúa | | |
| Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Caterina Chinnici, Geoffroy Didier | | |

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH
TUAIRIM AIR**

| | |
|-----------|--|
| 19 | + |
| | Salvatore De Meo, Geoffroy Didier, Brice Hortefeux, Paulo Rangel, Sven Simon, Loránt Vincze, Rainer Wieland |
| Renew | Charles Goerens, Alin Mituța, Maite Pagazaurtundúa |
| S&D | Gabriele Bischoff, Caterina Chinnici, Włodzimierz Cimoszewicz, Victor Negrescu, Domènec Ruiz Devesa, Pedro Silva Pereira |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Gwendoline Delbos Corfield, Daniel Freund |

| | |
|----------|-----------------------------------|
| 3 | - |
| ECR | Jacek Saryusz Wolski |
| ID | Gerolf Annemans, Laura Huhtasaari |

| | |
|----------|-----------------------|
| 1 | 0 |
| ID | Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh: